

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2206 ÓN gCOIMISIÚN**an 11 Samhain 2022****lena leagtar síos an teimpléad tuairiscithe do na tuarascálacha bliantúla ó na Ballstáit chuig an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí maidir le feidhmiú na gceart atá ag ábhair sonraí a bhaineann le Córas Faisnéise Schengen**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann, lena leasaítear an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 54(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún ⁽²⁾, agus go háirithe Airteagal 68(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2018/1861 agus (AE) 2018/1862, leagtar síos na rialacha nua maidir le Córas Faisnéise Schengen a bhunú, a oibriú agus a úsáid. Cuireann na Rialacháin nua le héifeachtacht Chóras Faisnéise Schengen, neartaíonn siad éifeachtúlacht theicniúil agus oibríochtúil an Chórais agus cuireann siad lena úsáid trí chatagóirí agus feidhmiúlachtaí foláirimh nua a thabhairt isteach. Ina theannta sin, bunaíodh le Rialachán (AE) 2018/1860 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ cineál nua foláirimh maidir le náisiúnaigh tríú tír a fhilleadh.
- (2) Is é Rialachán (AE) 2018/1861 an bunús dlí atá le Córas Faisnéise Schengen i ndáil le hábhair a thagann faoi raon feidhme Chuid a Trí, Teideal V, Caibidil 2 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus is é Rialachán (AE) 2018/1862 an bunús dlí atá le Córas Faisnéise Schengen i ndáil le hábhair a thagann faoi raon feidhme Chuid a Trí, Teideal V, Caibidil 4 agus 5 de CFAE. Cé go bhfuil an bunús dlí atá le Chóras Faisnéise Schengen comhdhéanta d'ionstraimí ar leithligh ní dhéanann sin difear don phrionsabal gur córas amháin faisnéise é Chóras Faisnéise Schengen ar cheart feidhmiú mar aon chóras amháin.
- (3) Le Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ agus Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾, i gcomhar le Rialachán (AE) 2018/1861 agus (AE) 2018/1862, leagtar amach cearta na n-ábhar sonraí maidir le próiseáil a gcuid sonraí pearsanta nuair a úsáideann na húdaráis inniúla náisiúnta Córas Faisnéise Schengen, chomh maith leis na nósanna imeachta a bhaineann leis na cearta sin a fheidhmiú.
- (4) Déanann na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta neamhspleácha dá dtagraítear i dTreoir (AE) 2016/680 agus i Rialachán (AE) 2016/679 faireachán ar dhlíthiúlacht na próiseála sonraí pearsanta a dhéanann na Ballstáit i ndáil leis an úsáid a bhaineann siad as Córas Faisnéise Schengen.

⁽¹⁾ IO L 312, 7.12.2018, lch. 14.

⁽²⁾ IO L 312, 7.12.2018, lch. 56.

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2018/1860 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le húsáid Chóras Faisnéise Schengen chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO L 312, 7.12.2018, lch. 1).

⁽⁴⁾ Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chos, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

- (5) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1861 agus (AE) 2018/1862, tá na Ballstáit le tuairisc a thabhairt gach bliain don Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí maidir le feidhmiú chearta na n-ábhar sonraí i gcomhréir le teimpléad atá le forbairt ag an gCoimisiún.
- (6) Chun a áirithiú go dtabharfar léargas comhsheasmhach sna tuarascálacha bliantúla ó na Ballstáit ar fheidhmiú na leigheasanna atá ar fáil do na hábhair sonraí, ba cheart a leagan amach sa teimpléad na sonraí atá le bailiú faoi Rialachán (AE) 2018/1861 agus (AE) 2018/1862 maidir le feidhmiú chearta na n-ábhar sonraí ó thaobh rochtain a fháil ar a sonraí pearsanta a stóráiltear i gCóras Faisnéise Schengen agus na sonraí sin a cheartú nó a léirscriosadh, agus ó thaobh leigheasanna os comhair cúirteanna náisiúnta agus aitheantas frithpháirteach do bhreithiúnais.
- (7) De bhua Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2018/1860, tá feidhm freisin ag Airteagal 54(3) de Rialachán (AE) 2018/1861 maidir le foláirimh i dtaca le náisiúnaigh tríú tír a fhilleadh. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit feidhmiú chearta na n-ábhar sonraí maidir leis an gcatagóir foláirimh sin a chuimsiú ina dtuarascálacha bliantúla chuig an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí.
- (8) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótocal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh Rialachán (AE) 2018/1861 agus Rialachán (AE) 2018/1862 agus níl sí faoi cheangal acu ná faoi réir a gcur i bhfeidhm. Mar sin féin, ós rud é go gcuireann Rialachán (AE) 2018/1861 agus Rialachán (AE) 2018/1862 le *acquis* Schengen, thug an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótocal sin, fógra an 26 Aibreán 2019 faoina cinneadh Rialachán (AE) 2018/1861 agus Rialachán (AE) 2018/1862 a chur chun feidhme ina dlí náisiúnta. Dá bhrí sin, tá sé de cheangal ar an Danmhairg faoin dlí idirnáisiúnta an Cinneadh seo a chur chun feidhme.
- (9) Tá Éire rannpháirteach sa Chinneadh seo, a mhéid a bhaineann sé le Rialachán (AE) 2018/1862, i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Phrótocal Uimh. 19 maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh, prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus i gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Chinneadh 2002/192/CE ón gComhairle ⁽⁶⁾, arna léamh i gcomhar le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1745 ón gComhairle ⁽⁷⁾.
- (10) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ⁽⁸⁾, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (G), de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle ⁽⁹⁾.
- (11) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ⁽¹⁰⁾, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (G), de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle ⁽¹¹⁾ agus Airteagal 3 de Chinneadh 2008/149/CGB ón gComhairle ⁽¹²⁾.

⁽⁶⁾ Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

⁽⁷⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1745 ón gComhairle an 18 Samhain 2020 maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha *acquis* Schengen maidir le cosaint sonraí agus maidir le cur i bhfeidhm sealadach fhorálacha áirithe *acquis* Schengen in Éirinn (IO L 393, 23.11.2020, lch. 3).

⁽⁸⁾ IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

⁽⁹⁾ Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socrúithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

⁽¹⁰⁾ IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

⁽¹¹⁾ Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008 lch. 1).

⁽¹²⁾ Cinneadh 2008/149/CGB ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 50).

- (12) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ⁽¹³⁾, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ⁽¹⁴⁾ ón gComhairle agus Airteagal 3 de Chinneadh 2011/349/AE ⁽¹⁵⁾.
- (13) Maidir leis an mBulgáir, agus leis an Rómáin, is é atá sa Chinneadh seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2005, agus ba cheart é a léamh i gcomhar le Cinntí 2010/365/AE ⁽¹⁶⁾ agus (AE) 2018/934 ón gComhairle ⁽¹⁷⁾.
- (14) A mhéid a bhaineann leis an gCróit, is é atá sa Chinneadh seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2011 agus ba cheart é a léamh i gcomhar le Cinneadh (AE) 2017/733 ón gComhairle ⁽¹⁸⁾.
- (15) Maidir leis an gCipir, is é atá sa Chinneadh seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003.
- (16) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁹⁾ agus thug sé tuairim uaidh an 11 Iúil 2022,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 54(3) de Rialachán (AE) 2018/1861 agus Airteagal 68(3) de Rialachán (AE) 2018/1862, is i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a chuirfear an fhaisnéis sin ar fáil.

⁽¹³⁾ IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

⁽¹⁴⁾ Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

⁽¹⁵⁾ Cinneadh 2011/349/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla agus leis an gcomhar póilínachta (IO L 160, 18.6.2011, lch. 1).

⁽¹⁶⁾ Cinneadh 2010/365/AE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2010 i ndáil leis na forálacha sin de chuid *acquis* Schengen a bhaineann le Córas Faisnéise Schengen a chur i bhfeidhm i bPoblacht na Bulgáire agus sa Rómáin (IO L 166, 1.7.2010, lch. 17).

⁽¹⁷⁾ Cinneadh (AE) 2018/934 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2018 maidir le cur i bhfeidhm na bhforálacha atá fágtha de *acquis* Schengen a bhaineann le Córas Faisnéise Schengen i bPoblacht na Bulgáire agus sa Rómáin (IO L 165, 2.7.2018, lch. 37).

⁽¹⁸⁾ Cinneadh (AE) 2017/733 ón gComhairle an 25 Aibreán 2017 i ndáil leis na forálacha sin de chuid *acquis* Schengen a bhaineann le Córas Faisnéise Schengen a chur i bhfeidhm i bPoblacht na Cróite (IO L 108, 26.4.2017, lch. 31).

⁽¹⁹⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Samhain 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

**AN TEIMPLÉAD LE hAGHAIDH NA TUARASCÁLA BLIANTÚLA CHUIG AN mBORD EORPACH
UM CHOSAINT SONRAÍ FAOI AIRTEAGAL 54(3) DE RIALACHÁN (AE) 2018/1861 AGUS
AIRTEAGAL 68(3) DE RIALACHÁN (AE) 2018/1862**

Le cur ar fáil ar bhonn bliantúil ag gach Ballstát faoin 31 Márta den bhliain tar éis na bliana atá faoi chaibidil.

Cuirfead na sonraí isteach i dtábla a mbeidh an struchtúr agus na réimsí seo a leanas ann.

AN TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
Chuig an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí i gcomhréir le
HAirteagal 54(3) de Rialachán (AE) 2018/1861 agus Airteagal 68(3) de Rialachán (AE) 2018/1862

An Ballstát:

An tréimhse thuairiscithe de réir na bliana féilire:

	Iarrataí ar rochtain a cuireadh i gcrích ⁽¹⁾	Foláireamh maidir leis an ábhar sonraí faoi Rialachán (AE) 2018/1860	Foláireamh maidir leis an ábhar sonraí faoi Rialachán (AE) 2018/1861	Foláireamh maidir leis an ábhar sonraí faoi Rialachán (AE) 2018/1862	Gan aon fholáireamh maidir leis an iarratasóir i gCóras Faisnéise Schengen (SIS)
1a.	An líon iarrataí ar rochtain a cuireadh faoi bhráid an rialaitheora sonraí				
1b.	An líon cásanna inar tugadh rochtain ar shonraí ⁽²⁾				
2a.	An líon iarrataí ar rochtain a cuireadh faoi bhráid an údaráis maoirseachta ⁽³⁾				
2b.	An líon cásanna inar tugadh rochtain ar shonraí ⁽⁴⁾				
	Iarrataí ar rochtain a cuireadh i gcrích ⁽⁵⁾	Foláireamh maidir leis an ábhar sonraí faoi Rialachán (AE) 2018/1860	Foláireamh maidir leis an ábhar sonraí faoi Rialachán (AE) 2018/1861	Foláireamh maidir leis an ábhar sonraí faoi Rialachán (AE) 2018/1862	Gan aon fholáireamh maidir leis an iarratasóir in SIS
3a.	An líon iarrataí ar cheartú sonraí míchruinne a cuireadh faoi bhráid an rialaitheora sonraí				
3b.	An líon cásanna inar ceartaíodh na sonraí				
4a.	An líon iarrataí ar cheartú sonraí míchruinne a cuireadh faoi bhráid an údaráis maoirseachta ⁽⁶⁾				

4b.	An líon cásanna inar ceartaíodh na sonraí (Roghnach ⁽⁷⁾)				
Iarrataí ar léirsciosadh a cuireadh i gcrích ⁽⁸⁾		Foláireamh maidir leis an ábhar sonraí faoi Rialachán (AE) 2018/1860	Foláireamh maidir leis an ábhar sonraí faoi Rialachán (AE) 2018/1861	Foláireamh maidir leis an ábhar sonraí faoi Rialachán (AE) 2018/1862	Gan aon fholáireamh maidir leis an iarratasóir in SIS
5a.	An líon iarrataí ar shonraí arna stóráil go neamhdhleathach a léirsciosadh a cuireadh faoi bhráid an rialaitheora sonraí				
5b.	An líon cásanna inar léirsciosadh na sonraí				
6 a.	An líon iarrataí ar shonraí arna stóráil go neamhdhleathach a léirsciosadh a cuireadh faoi bhráid an údaráis maoirseachta ⁽⁹⁾				
6b.	An líon cásanna inar léirsciosadh na sonraí (Roghnach ⁽¹⁰⁾)				

Cásanna cúirte a cuireadh i gcrích ⁽¹¹⁾		Foláireamh maidir leis an ábhar sonraí faoi Rialachán (AE) 2018/1860	Foláireamh maidir leis an ábhar sonraí faoi Rialachán (AE) 2018/1861	Foláireamh maidir leis an ábhar sonraí faoi Rialachán (AE) 2018/1862
7a.	An líon imeachtaí cúirte a seoladh;			
7b.	An líon cásanna inar rialaigh an chúirt i bhfabhar an iarratasóra;			

Cuir isteach aon bharúil maidir le cásanna inar tugadh aitheantas frithpháirteach do chinntí críochnaitheacha ó na cúirteanna nó ó údaráis de chuid na mBallstát eile maidir le foláirimh arna n-iontráil ag an mBallstát a d'eisigh an foláireamh.

(Cuir isteach an oiread línte agus is gá.)

Airteagal 54(3) de Rialachán (AE) 2018/1861		Airteagal 68(3) de Rialachán (AE) 2018/1862	
1.		1.	
2.		2.	
3.		3.	

-
- (¹) Ní chuimsítear ach amháin na cásanna a ndearnadh cinneadh críochnaitheach ina leith sa bhliain féilire atá faoi chaibidil, fiú más rud é gur cuireadh an iarraidh isteach i mbliain roimhe sin.
- (²) Cuir isteach líon iomlán na gcásanna inar deonaíodh lánrochtain agus inar deonaíodh rochtain pháirteach araon agus cuir isteach idir lúibíní líon na gcásanna inar deonaíodh rochtain pháirteach. Tá sé roghnach líon na gcásanna ar leith inar deonaíodh rochtain pháirteach a chur ar fáil.
- (³) Iarrataí ar rochtain i gcomhréir le hAirteagal 17 de Threoir (AE) 2016/680.
- (⁴) Cuir isteach líon iomlán na gcásanna inar deonaíodh lánrochtain agus inar deonaíodh rochtain pháirteach araon agus cuir isteach idir lúibíní líon na gcásanna inar deonaíodh rochtain pháirteach. Tá sé roghnach líon na gcásanna ar leith inar deonaíodh rochtain pháirteach a chur ar fáil.
- (⁵) Ní chuimsítear ach amháin na cásanna a ndearnadh cinneadh críochnaitheach ina leith sa bhliain féilire atá faoi chaibidil, fiú más rud é gur cuireadh an iarraidh isteach i mbliain roimhe sin.
- (⁶) Iarrataí ar rochtain i gcomhréir le hAirteagal 17 de Threoir (AE) 2016/680.
- (⁷) Féadfaidh na Ballstáit rogha a dhéanamh na réimsí a bhfuil an mharcáil “Roghnach” orthu a líonadh isteach nó gan iad a líonadh isteach ós rud é nach bhfuil na sonraí sin liostaithe i measc na sonraí atá le tuairisciú don Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí in Airteagal 54(3) de Rialachán (AE) 2018/1861 nó in Airteagal 68(3) de Rialachán (AE) 2018/1862.
- (⁸) Ní chuimsítear ach amháin na cásanna a ndearnadh cinneadh críochnaitheach ina leith sa bhliain féilire atá faoi chaibidil, fiú más rud é gur cuireadh an iarraidh isteach i mbliain roimhe sin.
- (⁹) Iarrataí ar rochtain i gcomhréir le hAirteagal 17 de Threoir (AE) 2016/680.
- (¹⁰) Féadfaidh na Ballstáit rogha a dhéanamh na réimsí a bhfuil an mharcáil “Roghnach” orthu a líonadh isteach nó gan iad a líonadh isteach ós rud é nach bhfuil na sonraí sin liostaithe i measc na sonraí atá le tuairisciú don Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí in Airteagal 54(3) de Rialachán (AE) 2018/1861 nó in Airteagal 68(3) de Rialachán (AE) 2018/1862.
- (¹¹) Ní chuimsítear ach amháin na cásanna a ndearnadh cinneadh críochnaitheach ina leith sa bhliain féilire atá faoi chaibidil, fiú más rud é gur cuireadh an iarraidh isteach i mbliain roimhe sin.
-